Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2022
(OR. fr)

8674/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0329(COD)**

CODEC 591
CODIF 15
MAR 101
OMI 62
MI 375
SOC 242

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe (códú) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 18 Samhain 2020, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 100(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa uaidh a thuairim an 27 Eanáir 2021[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eorpach na Réigiún ach chinn sé gan aon tuairim a thabhairt uaidh.

4. An 5 Aibreán 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 13189/20 + ADD1.
[2] IO C 123, 9.4.2021, lch. 80.
[3] 7886/22.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 37/21 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.